ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Fainic! Báisteach Aigéadach

príomhtheachtaireacht: tá plandaí an-tábhachtach, is féidir le báisteach aigéadach dochar a dhéanamh do phlandaí.



**nasc leis an gcuraclam osie:**

Snáithe – Feasacht Imshaoil

Snáithaonaid – Feasacht imshaoil; Eolaíocht agus an t-imshaol

**forbairt scileanna:**

Breathnóireacht, imscrúdú, tuar, tástáil, taifeadadh

**deiseanna comhtháthaithe:**

OSIE: Tíreolaíocht – Aimsir, aeráid agus atmaisféar

OSPS: Mise agus an Domhan Mór – Cúram Imshaoil

Matamaitic: Tomhais – Toilleadh, lítir agus millilítir


# Fainic! Báisteach Aigéadach

**Príomhtheachtaireacht: Nuair a dhóitear ola, gual, peitreal, gás agus móin (ar foinsí fuinnimh iad), scaoiltear gáis in airde san aer. Tuaslagann na gáis sa bháisteach agus cruthaítear aigéad. Déanann báisteach aigéadach dochar uaireanta do phlandaí. Tá plandaí an-tábhachtach mar go súnn siad isteach $CO_2$ agus gur foinse bia iad.**

## Sula dtosóidh tú

Pléigh an phríomhtheachtaireacht leis na leanaí le go dtuigfidh siad cuspóir an cheachta. Abair leo go bhfuil an rang le féachaint ar phlandaí agus ar na nithe a bhíonn uathu agus iad ag fás. Fiafraigh de na leanaí:

- Cad a bhíonn ag teastáil ó phlandaí agus iad ag fás? *Uisce agus teas*
- Cá bhfaigheann formhór na bplandaí uisce?
- Cad as a dtagann an bháisteach? *Deis mhaith í seo le dul siar ar thimthriall an uisce*
- An uisce fíorghlan í an bháisteach? Murab ea, cén fáth? An mbeadh sé difriúil in áiteanna éagsúla, ag brath ar na rudaí a bhíonn sa timpeallacht?
- Conas a bhfuil a fhios againn nach bhfuil an t-aer glan? *Éadaí salacha, dusta ar charranna, boladh san aer, etc.*
- Cá rachfá chun aer glan a shú isteach i do scamhóga?
- Conas a chuirfeadh caighdeán an aeir isteach ar phlandaí agus iad ag fás?
- Cad as a bhfásann plandaí? *Síolta, bleibeanna nó gearrthóga*



## Cúlra

Nuair a dhóitear breoslaí iontaise, scaoiltear gás dé-ocsaíd sulfair in airde san aer. Meascann an gás leis an uisce báistí sna scamaill agus cruthaítear aigéad (aigéad sulfarach). Déanann an bháisteach aigéadach seo dochar do phlandaí, d'fhoirgnimh, d'fhoraoisí agus d'éisc. Cuireann báisteach aigéadach isteach ar fhótaisintéis agus ar na cothuithe a fhaigheann plandaí agus crainn. Creimeann báisteach aigéadach saoirseacht mhiotail agus chloiche. Ní féidir le héisc maireachtáil in uisce a mbíonn an iomarca aigéid ann.





seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Fainic! Báisteach Aigéadach


**Conas a théann aigéad i bhfeidhm ar chairéid?**

## Beidh na nithe seo ag teastáil uait

3 chairéad
3 fhochupán
4 spúnóg bhoird d'uisce
4 spúnóg bhoird d'fhínéagar
4 spúnóg bhoird de shú líomóide

## Céimeanna

1. Agus na leanaí ag obair ina ngrúpaí, gearrann siad an barr de na cairéid (bí cúramach leis na sceana).
2. Cuir uisce isteach i bhfochupán amháin, fínéagar sa dara ceann agus sú líomóide sa tríú ceann.
3. Cuir barr na gcairéad i lár na bhfochupán agus fág iad in áit atá te agus geal ar feadh 2 nó 3 seachtaine. Ná lig do na fochupáin triomú – cuir breis isteach iontu más gá.
4. Baineadh na leanaí úsáid as na bileoga taifeadta chun na hathruithe a bhreacadh síos. Cad a thugtar faoi deara? Difríochtaí ó thaobh datha nó fáis?



**Conas a théann aigéad i bhfeidhm ar an bhfás a dhéanann síolta biolair?**

## Beidh na nithe seo ag teastáil uait

3 chlaibín ó phrócaí
Paicéad de shíolta biolair
Olann chadáis
Uisce
Fínéagar measctha le huisce (4 spúnóg bhoird d'uisce agus 1 spúnóg bhoir d'fhínéagar)
Sú líomóide measctha le huisce (4 spúnóg bhoird d'uisce agus 1 spúnóg bhoird de shú líomóide)

## Céimeanna

1. Cuir lipéad ar na trí chlaibín: uisce amháin, fínéagar agus uisce, sú líomóide agus uisce.
2. Cuir an olann chadáis ar na claibíní.
3. Cuir cúpla spúnóg bhoird de na leachta (uisce, fínéagar agus uisce, sú líomóide agus uisce) ar na trí phíosa d'olann chadáis. Ba chóir an méid céanna a chur ar gach píosa d'olann chadáis.
4. Cuir roinnt síolta biolair ar gach claibín agus cuir in áit the iad.
5. Cuir braoiníní uisce ar na síolta (gach lá, más gá – ní mór na síolta a choinneáil tais agus te le go bhfásfaidh siad) ar an claibíní difriúla: uisce, uisce agus fínéagar, uisce agus sú líomóide.
6. Baineadh na leanaí úsáid as na bileoga taifeadta chun na hathruithe a bhreacadh síos.



# Fainic! Báisteach Aigéadach

### Sábháilteacht

Bí cúramach agus barr na gcairéad á mbaint.

## Le plé

- Cad a thug tú faoi deara faoi na trí fhochupán ar dtús? An raibh aon tionchar ag na haigéid ar fhás bharr na gcairéad?
- An raibh aon difríocht idir an biolar sin nach raibh air ach uisce agus an biolar a raibh fínéagar/sú líomóide air? Má bhí, cén tionchar a bhí ann?
- Cad a thugann sé seo le fios dúinn faoi bháisteach aigéadach? Conas is féidir le daoine cuidiú chun an bháisteach aigéadach a laghdú? Cad is féidir linn a dhéanamh sa bhaile nó ó lá go lá e.g. gan boinn rubair a chur ar thinte cnáimh, gan bruscar a dhó sa ghairdín, etc.
- Cuir na bileoga taifeadta ar taispeáint agus breac síos na torthaí ar chairt nó cuir cur i láthair PowerPoint le chéile le haghaidh ranga eile nó lá oscailte eolaíochta.

## An raibh a fhios agat?

Rinne dochtúirí suirbhé agus fuair siad amach gur sábháladh thart ar 360 duine ón mbás gach bliain ó cuireadh cosc ar ghual toite a dhó i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1990.

Bíonn luas thart ar dheich km san uair faoi bhraon báistí agus é ag titim. Sin trí huaire níos tapúla ná duine agus é ag siúl!

"Dónn muintir na Síne clocha dubha mar bhreosla"! Sin a d'inis an taiscéalaí Marco Polo do mhuintir a bhaile féin nuair a tháinig sé ar ais ón tSín thart ar 700 bliain ó shin.

Thosnaíodar ar na 'clocha dubha' sin (a dtugaimid gual anois orthu) a bhaint as an talamh ina dhiaidh sin i Sasana agus in Éirinn. Níorbh fhada go raibh an oiread sin daoine á dhó go raibh an t-aer ar fad sna cathracha móra truaillithe go dona. I 1952 measadh go bhfuair 4,000 duine bás i Londain de bharr an truaillithe.

Tá foraoisí iomlána in Oirthear na hEorpa scriosta ag an mbáisteach aigéadach.

Fuair gach iasc a bhí ag maireachtáil i 140 loch in Minnesota bás mar go raibh an iomarca aigéid san uisce.


seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA hÉIREANN
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta


# Fainic! Báisteach Aigéadach

bileog taifeadta – fótachóipeáil agus úsáid

## Barr na gCairéad

### Tabhair cuntas ar an méid a tharlaíonn i ngach fochupán i bhfocail nó le pictiúir

| | Fochupán 1<br>uisce amháin | Fochupán 2<br>uisce + fínéagar | Fochupán 3<br>uisce + sú líomóide |
|---|---|---|---|
| Tar éis seachtaine | | | |
| Tar éis coicíse | | | |
| Tar éis trí seachtaine | | | |



# Fainic! Báisteach Aigéadach

## bileog taifeadta – fótachóipeáil agus úsáid

## Síolta Biolair

Tabhair cuntas ar an méid a tharlaíonn i ngach claibín i bhfocail nó le pictiúir

| | Claibín 1<br>uisce amháin | Claibín 2<br>uisce + fínéagar | Claibín 3<br>uisce + sú líomóide |
|---|---|---|---|
| Tar éis seachtaine | | | |
| Tar éis coicíse | | | |
| Tar éis trí seachtaine | | | |

